Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7896/21**

**DEVGEN 73**
**SUSTDEV 40**
**ACP 26**
**COHAFA 34**
**RELEX 320**
**FIN 294**
**WTO 108**
**ONU 40**
**OCDE 7**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Aibreán 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7756/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2020 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2019<br>- Conclúidí ón gComhairle (23 Aibreán 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2020 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2019, a formheasadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 23 Aibreán 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Bhliantúil 2020 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2019**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2019. Is modh cumarsáide tábhachtach í an tuarascáil chun saoránaigh agus geallsealbhóirí a chur ar an eolas agus an trédhearcacht agus an chuntasacht a fheabhsú faoi chur chun feidhme agus torthaí na gníomhaíochta seachtraí a dhéanann an tAontas, agus faoi rannchuidiú an Aontais le Comhaontú Pháras agus le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona 17 sprioc forbartha inbhuanaithe a chur i gcrích.

2. Is mór ag an gComhairle go gcumhdaítear sa tuarascáil na príomhghnéithe a ghabhann le hionstraimí gníomhaíochta seachtraí uile an Aontais, lena n-áirítear comhar agus forbairt idirnáisiúnta, Beartas Comharsanachta na hEorpa, cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta, méadú an Aontais, slándáil agus cosaint, freagairt agus ullmhacht i gcomhair géarchéime, cearta an duine agus an daonlathas, an comhionannas inscne, agus na riachtanais a ghabhann le beartas eachtrach an Aontais. Is díol sásaimh di an iarracht atá déanta sa tuarascáil chun dul chun cinn a léiriú maidir le gnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

3. Iarrann an Chomhairle go n-atreiseofaí 'an Chomhfhís', 'an Chomhghníomhaíocht', agus 'an comhar níos fearr le chéile', mar a mholtar i Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála agus sa Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt, lena n-áirítear gluaiseacht i dtreo gníomhaíocht sheachtrach Aontais a bheidh níos comhordaithe, níos freagraí, níos cuimsithí, níos éifeachtaí, níos comhordaithe, agus níos láidre.

4. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta láidre a thógáil i gcomhréir le luachanna agus leasanna an Aontais, agus iltaobhachas éifeachtach a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár a shaothrú san am céanna, agus an comhar idirnáisiúnta riailbhunaithe a neartú. Meabhraítear don Chomhairle gur trí bhíthin ord iltaobhach, agus é bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus trína bhíthin sin amháin, is féidir síocháin agus slándáil a bheith ann sa bhaile agus i gcéin.

5. Is mór ag an gComhairle an tuairisciú feabhsaithe a dhéanann seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS maidir leis na torthaí nithiúla a bhíonn ar thionscadail agus ar chláir an Aontais, lena n-áirítear trí chlúdach sonraí níos leithne agus faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil.

6. Maidir le tuarascálacha na haimsire atá le teacht, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go ndíreofar iontu ar na torthaí sonracha a bheidh ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais gona thosaíochtaí beartais, agus molann sí don Choimisiún tuairisciú torthaí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr sna caibidlí téamacha a bheidh sna tuarascálacha sin.

7. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS machnamh a dhéanamh ar fhormáid na tuarascála chun a cáilíocht, an bhéim atá inti ar thorthaí, agus a soláimhsitheacht don úsáideoir a fheabhsú a thuilleadh, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear ar fáil í ar bhealach níos praise.

8. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS tuarascáil a thabhairt go sainráite maidir le freagairt dhomhanda an Aontais ar phaindéim COVID-19, lena n-áirítear maidir lenar baineadh amach i ngeall ar chur chuige Fhoireann na hEorpa, ar cuireadh tús leis in 2020 agus a leanfar de sna hiarrachtaí comhpháirteacha atá ar bun againn chun tacú lenár dtíortha comhpháirtíochta agus iad i mbun téarnaimh agus atógála ar bhealach níos fearr agus níos glaise. Ina theannta sin, molann an Chomhairle go gcuirfí béim ar leith ar mhíniú a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáidtear acmhainní atreoraithe agus acmhainní nua airgeadais chun spriocdhíriú ar na daoine is mó atá thíos leis an ngéarchéim seo.

9. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin a ábhartha atá tuairisciú geografach agus téamach dea-struchtúrtha mionsonraithe a dhéanamh ar an gcur chun feidhme a dhéantar faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta atá beartaithe, lena n-áirítear dul chun cinn a dhéanamh i dtreo aidhmeanna agus spriocanna na hionstraime a ghnóthú. Ós amhlaidh atá, molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS a léiriú ar bhealach níos fearr mar a rannchuidíonn gníomhaíocht sheachtrach agus ról geopholaitiúil an Aontais le tosaíochtaí beartais an Aontais i ngach réigiún geografach ina bhfuil sé gníomhach.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairisciú atá déanta ar na módúlachtaí airgeadais agus neamhairgeadais a bhaineann le gníomhaíocht chomhpháirteach an Aontais agus na mBallstát (lena n-áirítear, mar shampla, maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe), agus de réir chineál na gcomhpháirtithe cur chun feidhme agus de réir chineál na n-ionstraimí (lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir le tacaíocht bhuiséadach, sásraí cumaisc, iasachtaí agus ráthaíochtaí). Molann an Chomhairle do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS leanúint de thuairisciú difreáilte a chur i bhfeidhm i módúlachtaí cabhrach éagsúla agus, i gcás inarb ábhartha, an tuairisciú sin a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le tacaíocht bhuiséadach sna hiarscríbhinní airgeadais.

11. Iarrann an Chomhairle ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS leanúint d'fheabhas a chur ar chumarsáid straitéiseach agus ar fhor-rochtain an Aontais Eorpaigh maidir lena ghníomhaíocht sheachtrach. Ina theannta sin, tá an Chomhairle i bhfách le méadú a chur ar líon na mbeart rathúil cumarsáide, atá dírithe ar na spriocghrúpaí ábhartha uile, trí bhíthin feachtais agus imeachtaí téamacha ar mhaithe leis an tionchar agus infheictheacht a ghabhann le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéadú agus an bhréagaisnéis a ghleic.